

☘ An Lúibín ☘

20 Lúnasa 2020

Cúlú go hathfhás: Gaeilge na hAlban (2)

Scottish Gaelic, like Irish, is moving outside its 'traditional' domain and into the modern urban world. This involves immersion schooling and the work of language organisations. Simultaneously, the language is seen officially as a marker of Scottish identity. This raises questions about the very nature of that identity.

Tá coimhlint ann in Éirinn agus in Albain maidir leis an nGaeilge – coimhlint idir an sean agus an nua, idir nósanna na sinsear agus nósanna atá á ngingniúint. Seo tuairim dhá scoláire teangeolaíochta, Wilson McLeod agus Bernadette O'Rourke.

The native speaker community came to be idealised as speakers of the most “authentic” form of language, leading to a preservationist rhetoric that was sometimes based on an exoticising and romanticising view of local people locked in time. Language planners in minority language contexts have tended to draw on these salvaging leanings, seeking to preserve indigenous cultures and languages and arguably to reconstruct earlier moments in history.¹

Mar a tharla in Éirinn, tá nuachainteoirí Gaeilge ag teacht ar an bhfhód in Albain. Tá tumoideachas Gaeilge ann ó 1985 i leith, agus ní mór don ghlúin sin dul i ngleic le hathruithe teangeolaíochta. Chuir an rialtas a ladar sa mhias in 2005 le hAcht na Gaeilge (Albain), rud a léirigh gné shiombaileach na teanga thar aon rud eile, cé go bhfuil cuspóirí praiticiúla ag roinnt leis freisin. Más gá teanga mhionlaigh a úsáid chun neartú le féiniúlacht na tíre (de réir mar a mheastar an fhéiniúlacht chéanna in aigne na scothaicme cultúrtha), caithfidh sé go bhfuil nádúr na féiniúlachta sin neamhchinnte go leor. Ó thaobh na staire de, ar ndóigh, bhí an Ghaeilge á labhairt in Ísilchríocha na hAlban féin, ach sa lá atá inniu ann tá an Béarla faoi réim ar fud na tíre beagnach. Tá cainteoirí traidisiúnta Gaeilge fós in Inse Ghall agus a bhformhór bunaosta nó sean; tá blas na hAlbainise le haithint fós ar chaint Ghlaschú; ach is é Béarla na Banríona (agus blas an-áitiúil air) teanga na coitiantachta. Is maith an rud é, mar sin, go bhfuil fáil ar an nGaeilge agus í idir shuntasach agus dúchasach, tréithe a dhéanann áisiúil i dtionscadal na féiniúlachta í.

Dearcadh níos pearsanta atá ag nuachainteoirí ar an scéal agus beart déanta acu de réir. Thosaigh tumoideachas i nGaeilge na hAlban in 1985 i nGlaschú agus in Inbhear Nis. Faoi 1995 bhí 1,258 dalta cláraithe. Tá méadú an-bheag (0.1%) tagtha ar an líon cainteoirí atá faoi bhun fiche bliain d'aois, d'ainneoin an laghdú a tháinig ar líon na gcainteoirí i gcoitinne. Tá an méadú beag úd curtha i leith an tumoideachais, cé gur deacair teacht ar fhianaise a thacódh leis an tuairim sin. Tá sé ráite go bhfuil trí cheist taighde is ceart a chur: Cén úsáid a bhaineann na daltaí is luaithe a fuair tumoideachas as an nGaeilge? Céard iad na buntuirimí agus an idé-eolaíocht a chuireann siad in iúl i dtaobh na Gaeilge? Cén bhaint atá ag na buntuirimí sin agus ag an idé-eolaíocht sin le húsáid na Gaeilge, lena ndearcadh ar an teanga agus leis an rath a d'fhéadfadh a bheith ar an teanga feasta?²

I staidéar a rinneadh ar nuachainteoirí Ghaeilge na hAlban tháinig formhór na ndaoine a bhí páirteach ann ó lár na tíre agus beagán eile ó na Garbhchríocha.³ Lasmuigh d'Albain a tógadh beagnach an tríú cuid díobh, agus ní raibh tuismitheoir Albanach ach ag duine amháin acu. B'as Sasana don chuid is mó de na cainteoirí neamh-Albanacha úd; tháinig daoine eile ón nGearmáin, ó Éirinn agus ó na Stáit Aontaithe, agus b'as tír neamh-Eorpach eile do dhuine amháin. Ní raibh tuismitheoir, seanathair ná seanmháthair le Gaeilge ach ag an gcúigiú cuid den ghrúpa iomlán, agus ní raibh baint shinseartha ar bith leis an teanga ag beagnach a leath. Thosaigh formhór mór na gcainteoirí ag foghlaim Gaeilge idir 18 agus 25 bliana d'aois, agus ba dhíol spéise é nach mór an bhaint a bhí ag a gcuid scolaíochta leis. As 27 nduine, fuair tríúr a gcuid bunscolaíochta trí Ghaeilge agus rinne cúigeair staidéar an teanga agus iad ar an meánscoil.

Bhí meas ag na cainteoirí seo ar an gcainteoir traidisiúnta mar eiseamláir agus mar shlat tomhais. Mar sin féin, níor shíl siad gur locht orthu féin gach difríocht idir a gcuid cainte féin agus an chaint thraidisiúnta.

¹ Wilson McLeod agus Bernadette O'Rourke, “New speakers” of Gaelic: perceptions of linguistic authenticity and appropriateness, *Applied Linguistics Review*, Volume 6: Issue 2, 2015: <https://www.degruyter.com/view/journals/alr/6/2/article-p151.xml?language=en>

² Stuart Dunmore, 'Bilingual life after school? Language use, ideologies and attitudes among Gaelic-medium educated adults': <https://era.ed.ac.uk/handle/1842/10636?show=full>

³ McLeod agus O'Rourke, op. cit.

Éiríonn go hanmhaith le daltaí tumoilte. I nDún Éideann, áfach, níorbh fhurasta a áitiú ar an gComhairle scoil lán-Ghaeilge a cheadú, rud a phléann Timothy C. Armstrong.⁴ Lean an feachtas ó 1997 go 2011, agus shíl a lán daoine gur chóir an teanga a choinneáil thiar ina críocha dúchais. Deir Armstrong gurb éard ba chúis leis sin 'a powerful and pervasive ideology in Edinburgh, rooted in the Scottish enlightenment, that understands Scottish Gaelic as a vestigial Highland language that has no place in Scotland's modern and cosmopolitan capital city'. Osclaíodh an scoil in 2015. Ar nós ghaelscoileanna na hÉireann, bunaíodh í agus feidhmíonn sí i gcomhthéacs idé-eolaíoch a d'eascair ón stair.

I réimse níos leithne tá tábhacht le heagraíochtaí agus le tionscadail teanga in Albain agus iad le fáil in Inse Ghall agus sna cathracha araon. Ach tá amaitéarachas curtha ina leith agus deirtear go bhfuil gá le hoiliúint ar fheasacht teanga agus ar scileanna. Rinneadh suirbhé in 2013 agus fuarthas freagraí ó 38 n-eagraíocht (76%). Ba léir gur beag duine a bhí oile ar phleanáil teanga.⁵ Mar a dúirt duine amháin:

Bhíodh e math nan robh prògram airson Oifigearan Gàidhlig mar mi fhìn (agus feadhainn eile ag comhairlean eile) trèanadh a dhèanamh – ach dh'fheumadh cuideigin sin a cur ar dòigh agus an uair sin 's e ùine agus airgead a dh'fheumas sinn airson páirt a ghabhail. [*Ba mhaith an rud é dá mbeadh clár d'Oifigigh Gaeilge mar mise (agus do roinnt daoine i gcomhairlís eile) chun oiliúint a fháil – ach b'éigean do dhuine éigin é sin a chur ar fáil, agus ansin caithfimid deis agus airgead a bheith againn chun páirt a ghlacadh ann.*]

Is iomaí nuachaintoir atá ina gcónaí i nGlaschú, Dún Éideann, Obar Dheathain agus Inbhear Nis. Tá timpeall 20% díobh ina gcónaí i limistéar Ghlaschú Mhóir. Tá staidéar déanta ag Claire Nance ar fhás agus ar úsáid na teanga i nGlaschú.⁶ Tugann sí ceann d'éagsúlacht foghraíochta i measc daoine óga a d'fhoghlaim an Ghaeilge tríd an tumoideachas i nGlaschu agus in Oileán Leòdhas agus aird aici ar ghutaí, ar chliathánaigh agus ar thuin chainte. Rinneadh an méid seo a chíoradh de réir teagmháil teanga, teanga a bheith á foghlaim mar chuid d'athbheochan, agus na dtuairimí agus na hidé-eolaíochta atá ag baint le húsáid na Gaeilge ag nuachaintoirí. Deir Nance nach difríocht chanúnach atá idir Gaeilge Ghlaschú agus Gaeilge Inse Ghall ach difríocht tuine. Teanga bheo í an Ghaeilge agus í a cur féin in oiriúint d'áiteanna agus do chúrsaí difriúla. B'fhéidir go dtiocfadh canúint chathrach ann le himeacht aimsire.

Tá daoine ann nach samhlófaí leis an ngnáth-Ghaeilgeoir. Rinne Michael Klavenhaus, fear ón nGearmáin, staidéar ar Ghaeilge na hAlban agus ar cheol na Gaeilge in Oilthigh na Gàidhealtachd agus nan Eilean (Ollscoil na Gaeltachta agus Inse Ghall) agus bhain céim Mháistreachta amach sa teanga. Tá sé le cloisteáil mar chomhfhreagraí ar Radio nan Gàidheal, agus in 2002 bhunaigh se an Deutsche Zentrum für Gälische Sprache und Kultur (Lárionad Gearmánach na Gàidhlig agus Chultúr na Gàidhlig). Tá gearrscéalta scríofa aige i nGaeilge agus eisean ba thúisce a d'fhoilsigh téacsleabhar Gàidhlig i nGearmáinis.⁷ Múineann sé Gaeilge na hAlban in Ollscoil Bonn. Nó an ceoltóir agus scríbhneoir Cassie Ezeji, bean de shliocht Éireannach agus Nigéarach a rugadh agus a tógadh i nGlaschú agus a fuair a cuid oideachais i scoil lán-Ghaeilge.⁸ Is breá léi an teanga, ach deir sí go bhfuair sí tuiscint ar an dúchas nach bhfuil dlúthbhaint aici lena cás féin.

Tá difríocht éigin idir an sásamh a bhaineann na nuachaintoirí as an teanga agus siombaileachas an tionscadail stáit, cé go bhfuil meas, a bheag nó a mhór, ar údaracht an traidisiúin sa dá chás. Ach ag féachaint rompu atá nuachaintoirí Ghaeilge na hAlban agus iad meáite ar an saol a athchruthú chun slí a dhéanamh don teanga. Fiú má fhaigheann an Ghaeilge bás in Inse Ghall beidh bonn déanta aici sna cathracha móra, díreach mar atá ag titim amach in Éirinn.



Conas í a fhoghlaim

The question that won't go away: the attitudes bound up in the learning and teaching of Irish.

Cúis mhachnaimh. Ceithre bliana ó shin scríobh Méabh Ní Choileáin alt dar theideal 'Why am I teaching Irish to American university students?' do *The Irish Times*.⁹ Bean í a tógadh le Gaeilge.

⁴ Timothy C. Armstrong, 'The Language of The Playground: Activists Building Consensus on the Language Policy and Ethos of a New Gaelic Immersion School,' in Marsaili MacLeod (eag.), *Gaelic in Contemporary Scotland: The Revitalisation of an Endangered Language*. Edinburgh University Press, 2018

⁵ Michelle Macleod, Timothy C. Armstrong, Gillian Munro and Iain Taylor. 'Planning for Growth: The Professionalisation of the Taskforce for Gaelic Revitalisation,' in Macleod, *ibid.*

⁶ Claire Nance, 'New' Scottish Gaelic speakers in Glasgow: A phonetic study of language revitalisation,' *Language in Society*, Volume 44, Issue 4 September 2015, lgh 553-579; DOI: <https://doi.org/10.1017/S0047404515000408>

⁷ https://gd.wikipedia.org/wiki/Michael_Klevenhaus

⁸ Cassie Ezeji, 'Whose Gaelic is it anyway? Identity and perception,' #36 *Mountain Green*, Samhain 2015: <https://mapmagazine.co.uk/whose-gaelic-it-anyway-identity-and-perception>

As a nation, we need to stop the self-handicapping practice of blaming the education system for our lack of fluency, and take it upon ourselves to learn the language if we really want to. I believe we would genuinely be a happier, more secure and self-confident people, socially, politically and economically, if only we did.

Admhaíonn sí, áfach, go mbaineann an dearcadh seo lena hóige féin agus Gaeilge mar theanga an teaghlaigh ag a muintir. Níl súil aici go ndéanfaidh formhór an phobail athchomhairle thobann agus gan a taithe féin acu ar an teanga. Luann sí an ‘instinctive tendency’ atá ag an oiread sin Éireannach leithscéal a dhéanamh as aisteachas na teanga, beag beann go minic ar an dearcadh atá acu i ndáiríre. Ualach idé-eolaíoch agus stairiúil. B’fhéidir go mb’fhearr a bheith níos réchúisí.

Perhaps when it comes to Irish, my American students have it right; it is just another language, comprised of its own grammatical structures, and with its own culture surrounding it.

Anois tá Duolingo againn – cúrsaí ar líne a sholáthraíonn ceachtanna i mórtheangacha agus i mionteangacha, an Ghaeilge ina measc. Is é an fáth a bhfuil an oiread sin éilimh uirthi siúd an sult a fhéadann foghlaimoírí a bhaint as an gcúrsa (go háirithe na hÉireannaigh úd ar cuimhin leo an leadrán a bhain leis an nGaeilge ar scoil). Bhí fadhbanna ann ar dtús – botúin ghramadaí, tuin mhíchuí – ach deirtear go bhfuil na fadhbanna sin á bhfuascailt. Agus tá Duolingo ag tabhairt isteach podchraoltaí, scéalta pearsan agus caidreamh úsáideoirí. Cuideoidh siad le húsáid na dteangacha i gcúrsaí an ghnáthshaoil, rud a bhí in easnamh ar Duolingo go dtí seo, más fíor.¹⁰

Is díol spéise é an plé a dhéantar ar an suíomh i dtaobh na Gaeilge mar a mhúintear í ar scoil in Éirinn – a leithéid seo:

Most kids in National School are extremely impressionable – they “hate Irish” not because it is useless, but because everyone else “hates Irish”.

I have been learning it [Gaeilge] for around 10 years now in school and it’s not an understatement when I say that most of us can’t hold down a conversation yet.

I always feel motivated to learn Spanish [ar scoil] because I find it fun and useful, I don’t feel the same way with Irish.

Children can be enthusiastic about some things that excite them, and they can be taught to be pragmatic about other things that are evidently useful to them – but as for the rest, the more you force it on them the more pleasing it is to them on some level to refuse to learn....



An phlá

Medieval Irish physicians relied on the same ancient authorities as their counterparts elsewhere in Europe. However peculiar many of their theories might seem to us, they also emphasised the importance of cleanliness and fresh air.

Bhuail an phlá Éire mar a bhuail sí tíortha eile, agus chuir lianna suim sna cúiseanna a d’fhéadfadh a bheith léi. Tá sin mar ábhar ag lámhscríbhinn Ghaeilge gan ainm a scríobhadh, b’fhéidir, i ndeireadh an 16ú haois. Tá an tráchtairacht ag brath go mór ar údair a raibh an-mheas orthu sna meánaoiseanna – Galen, Gilbertus, Almusor agus eile. Creidtear gur cineálacha éagsúla de thruailliú is cúis leis an bplá, tuairim nach bhfuil bunoscionn leis an tuiscint atá anois ann ar scaipeadh galair, sa mhéid go gcuirimid an-bhéim ar ghlaine agus ar shláinteachas. (Tá an téacs thíos athchóirithe beagán maidir le litriú agus le friotal.)

PESTILENTIA est morbus contagiosus crescens de uno in alium et cetera .i. amhail a deir Tolameus is ea is plá ann .i. galar gabháilte a ghabhas daoine ó chéile. Et a deir Galen fós gurb ea is plá ann, an dúil aerga arna tiontú óna mheasarthacht dhúilis as morgadh agus as truailliú. Óir is é is ábhar di .i. aer bréan truaillithe morgaithe a éiríos ó deataigh ramhra talainh arna gcumasc le ranna séimhe an aeir. Nó ceo ramhar a éiríos d’uisce cónaithe mar atá díoga cathrach agus ionaid ina mbíonn buafa agus nathracha nimhe agus beithí eile nimhneacha ina gcónaí. Et tig sí fós ó mhaidhm thalún agus uair eile ó aer na gcorp morgaithe a maratodh i dtroid nó i gcath.

⁹ Méabh Ní Choileáin, ‘Why am I teaching Irish to American university students?’ *The Irish Times*, 13/3/2016: <https://www.irishtimes.com/life-and-style/abroad/generation-emigration/why-am-i-teaching-irish-to-american-university-students-1.2569848>

¹⁰ David H. Freedman, ‘How to Almost Learn Italian: Language apps like Duolingo are addictive—but not particularly effective,’ *The Atlantic*, Nollaig 2018: <https://www.theatlantic.com/magazine/archive/2018/12/language-apps-duolingo/573919/>

Deirtear go n-aithníonn na hainmhithe féin gurb é an t-aer glan is sláintiúla (agus is deas an liosta díobh atá le fáil sa téacs):

Item, deir Almusor gach aimsir a fhágann péisteanna na talún as uachaisí agus na hionaid a mbíonn faoi thalamh, mar atá lucha agus bláthnaidí, easóga agus broic agus coiníní, agus na héin a bhíos faoi thalamh amhail atá bonnáin léana agus caislíní cora [caislíní cloch?], agus fágann siad a n-uibheacha agus a neadacha agus teitheann ó dheataigh thruaillithe na talún chun an aer ghlain sholasmhair, amhail a mhúineas an nádúr dóibh; más ea, ó thuigeas nádúr na n-ainmhithe brúidiúla gurb aer glan is fearr ann, tuigeann siad an nádúr daonna gurb é is fearr ann; más ea, is aer glan is fearr san aimsir seo.

Tá an téacs iomlán, maraon le haistriúchán Béarla, le fáil ag suíomh CELT:
<https://celt.ucc.ie//published/G600013/index.html>



An Timpeallacht

Caonach neamhchoitianta

Mosses are an important part of the ecosystem, and one of the rarest Australian mosses has travelled by accident to Ireland.

Tá ceann de na cineálacha caonaigh Astráiligh is neamhchoitianta ag fás in Éirinn – de thimpiste. Sin *Calomnion complanatum*.



Calomnion complanatum
Wikimedia Commons

Ní rud suarach é an planda a dtugaimid caonach air. Tá a lán cineálacha ann agus planda ársa é: fuarthas iontaisí caonaigh atá chomh sean leis an ré Pheirmeach (a chríochnaigh 251 milliún bliain ó shin) san Antartach agus sa Rúis. Bhí dhá ilchríoch ann ag an am a dtugtar Pangaea agus an tSibéir orthu anois agus aigéan domhanda ina dtimpeall a dtugtar Panthalassa air.

Tosaíonn timthriall beatha an chaonaigh le spór a phácaann agus a dhéanann prótainéam: meall filiméad nó cnap leata. As seo a fhásann gasóga agus duilleoga. Astu sin a fhásann orgáin ghnéasacha, idir bhaineann agus fhireann, agus iad cosanta ag duilleoga. Is í an ghaoth is mó a scaipeann na spóir.

Caonach de chuid na hAstráile (Victoria, New South Wales agus an Tasmáin) agus na Nua-Shéalainne is ea *Calomnion complanatum* agus é neamhchoitianta go leor, go háirithe in New South Wales. Planda buíghlas é a fhásann ar rathneacha craobhacha agus uaireanta ar chloch ghainimh. Is annamh atá sé níos airde ná deich milliméadar agus is furasta é a thógáil in araíocht speiceas eile atá ag fás ar rathneacha craobhacha. Tá tuairiscí againn air i gclaiseanna fliucha i gcoillte tiubha ar na sléibhte.

Cuirtear rathneach craobhach thar lear agus uaireanta tá caonach Austrálach ag fás uirthi. Nuair a rinneadh cuardach i ngairdíní na hÉireann fuarthas caonach agus rathneach shreabhach ón Astráil, cé nár scaip siad. Tá *Calomnion complanatum* chomh tearc sin go ndúirt luibheolaithe san Eoraip gurbh fhiú na samplaí Éireananacha a chaomhnú.¹¹

¹¹ <https://www.australiangeographic.com.au/topics/wildlife/2018/05/obsessed-with-moss-you-should-read-this-first/>



Culcita, speiceas de raithneach chraobhach
san Astraláise
Wikimedia Commons

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dhá dhán le Colin Ryan

Sa reilig

Anois
tagann solas an gheimhridh
ar fiar
trí chraobhacha

na mairbh á bhfógairt féin
ar na leaca

an t-aingeal cloiche
ag cuimhneamh ar shiséal a shnoite
ag cuimhneamh ar éirí
go buach
go néalta neimhe

Caithréim

Seo Cearnóg na Réabhlóide
a dúirt siad linn

inscríbhinní ar leachtaí
sa litriú nua

an deannach ag éirí le camghaoth
agus madra lom ar thóir a choda

agus bacach ina shuí
faoi scáth na caithréime